2025/2378

21.11.2025

CINNEADH (AE) 2025/2378 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2025

lena gceaptar beirt chomhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na Laitvia, de Choiste na Réigiún

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Laitvia,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Aivars OKMANIS agus Dainis TURLAIS a cheapadh.

(4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Justīne PANTEĻĒJEVA éirí as oifig.

(5) Tiocfaidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún chun bheith folamh tar éis cheapadh Jānis ROZENBERGS ina chomhalta de Choiste na Réigiún.

(6) Mhol rialtas na Laitvia na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Mairita LASE, *Deputāte, Rīgas dome* (Comhalta den Chomhairle, comhairle cathrach Ríge), agus Jānis ROZENBERGS, *Deputāts, Cēsu novada pašvaldības dome* (Comhalta den Chomhairle, comhairle bhardasach Cesis).

(7) Mhol rialtas na Laitvia na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Edgars IKSTENS, *Deputāts, Rīgas dome* (Comhalta den Chomhairle, comhairle cathrach Ríge), agus Leons LĪDUMS, *Deputāts, Cēsu novada pašvaldības dome* (Comhalta den Chomhairle, comhairle bhardasach Cesis),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad a bhfuil sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030:

(a) mar chomhaltaí:

— Mairita LŪSE, *Deputāte, Rīgas dome* (Comhalta den Chomhairle, comhairle cathrach Ríge),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

— Jānis ROZENBERGS, *Deputāts, Cēsu novada pašvaldības dome* (Comhalta den Chomhairle, comhairle bhardasachta Cesis),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Edgars IKSTENS, *Deputāts, Rīgas dome* (Comhalta den Chomhairle, comhairle cathrach Ríge),

— Leons LĪDUMS, *Deputāts, Aizkraukles novada pašvaldības dome* (Comhalta den Chomhairle, comhairle bhardasach Aizkraukle).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE